**Leasú 138**
**Benoît Biteau**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Caibidil II**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 139**
**Benoît Biteau**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialachán**
**Iarscríbhinn I**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Critéir maidir le coibhéis plandaí TGN le gnáthphlandaí*** | ***scriosta*** |
| ***Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí i gcás ina mbíonn sé difriúil ón bplanda is faighteoir/tuismitheoir faoi 20 géinmhodhnú ar a mhéad de na cineálacha dá dtagraítear i bpointí 1 go 5, in aon seicheamh DNA a chomhroinneann cosúlacht seichimh leis an suíomh spriocdhírithe is féidir a thuar le huirlisí bithfhaisnéisíochta.*** | |
| ***(1) 20 núicléitid ar a mhéad a ionadú nó a ionsá;*** | |
| ***(2) aon líon núicléitídí a scriosadh;*** | |
| ***(3) ar choinníoll nach gcuireann an géinmhodhnú isteach ar ghéin inginiúil:*** | |
| ***(a) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a ionsá ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(b) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a chur in ionad seichimh DNA inginiúil ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(4) seicheamh ina bhfuil líon ar bith núicléitídí a inbhéartú ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(5) aon mhodhnú spriocdhírithe eile ar aon mhéid, ar choinníoll go dtarlaíonn na*** | |

***seichimh DNA a eascraíonn as cheana féin (d'fhéadfadh modhnuithe a bheith i gceist mar a ghlactar leis sin faoi phointí (1) agus/nó (2)) i speiceas ó linn géinte na bpóraitheoirí.***

Or. en